COMHDHÁIL AR AONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– AN ÚCRÁIN –

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026
(OR. en)

AD 18/26

LIMITE

CONF-UA 2

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
– Cnuasach 1: Bunphrionsabail

**CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS**

**An Úcráin**

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS**

(ag eascairt as Seasamh Caibidlíochta na hÚcráine AD 16/26 CONF-UA 1)

PUBLIC

---

**Cnuasach caibidlíochta: 1**

**Bunphrionsabail**

**Lena n-áirítear Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, Athchóiriú ar an riarachán poiblí, caibidlí 23 – Na breithiúna agus na cearta bunúsacha, 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil, critéir eacnamaíocha, caibidlí 5 – Soláthar poiblí, 18 – Staidreamh, 32 – Rialú airgeadais**

---

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Úcráin AD 9/24 CONF-UA 2, agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh an Úcráin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 5, 11, 12, 32, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44, 45, 46, 50, 51 agus 52 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Úcráin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Úcráin, ina seasamh (AD 16/26 CONF-UA 1), le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 1 mar atá i bhfeidhm an 3 Meitheamh 2026 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

PUBLIC

**1. Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha**

Tugann an tAontas dá aire gur leag an Úcráin bunchlocha **stáit dhaonlathaigh** síos ina hord bunreachtúil agus iarrann sé ar an Úcráin a áirithiú go leanfar leis an gcomhdhlúthú daonlathach in ainneoin na dteorainneacha a fhorchuirtear leis an dlí airm. Tugann an tAontas dá aire go gcuidíonn an creat dlíthiúil institiúideach le toghcháin dhaonlathacha a eagrú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil i gcomhréir le moltaí ó ESCE/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, le reachtaíocht an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Úcráin chun athléimneacht i leith na bréagaisnéise agus cur isteach agus ionramháil eachtrach ar fhaisnéis a neartú le linn toghchán. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint de thimpeallacht trédhearcach, iolraíoch agus neamhspleách na meán a neartú, lena n-áirítear trí athmheasúnú a dhéanamh ar an 'maratón teilifíse' agus deireadh a chur leis de réir a chéile. Ní mór aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le maoiniú neamhdhleathach feachtais agus páirtithe a chomhrac, agus caithfear níos mó trédhearcachta agus formhaoirseacht éifeachtach a áirithiú, trí na rialacháin maidir le maoiniú feachtais agus páirtithe a chomhlíonadh agus a fhíorú ar bhealach níos fearr, trí fheidhmeanna rialaithe cuíchóirithe agus treisithe, smachtbhannaí athchomhairleacha agus bealaí éalaithe maidir le sáruithe a dhéanann deontóirí tríú páirtí a dhúnadh.

Tugann an tAontas dá aire go leanann Parlaimint na hÚcráine dá ról a fheidhmiú, cé go bhfuil a formhaoirseacht ar an bhfeidhmeannas teoranta faoi láthair. Cuireann an tAontas in iúl gur cheart don Úcráin fós feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an éifeachtacht fhoriomlán sa phróiseas reachtach, lena n-áirítear le linn an dlí airm. Tugann an tAontas dá aire freisin gur cheart don Pharlaimint creat láidir a bhunú le haghaidh ionracais, lena n-áirítear Cód Iompair d'Fheisirí agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar shrianta iarfhostaíochta.

Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil an creat dlíthiúil, rialála agus institiúideach le haghaidh **eagraíochtaí na sochaí sibhialta** i bhfeidhm den chuid is mó, ach go bhfuil gá le feabhsuithe chun timpeallacht chumasúcháin a áirithiú don tsochaí shibhialta, go háirithe chun sásraí a neartú lena gcosnaítear ESSanna agus cosantóirí i réimse chearta an duine ar bhagairtí agus ar bhrú míchuí, lena n-áirítear trí ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cásanna dlí i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí. Cuireann an tAontas in iúl nach mór don Úcráin a áirithiú go mbeidh sásraí éifeachtacha i bhfeidhm le haghaidh comhar idir Stáit agus ESSanna, lena n-áirítear comhairliúchán fóinteach leis an tsochaí shibhialta maidir le tionscnaimh reachtacha agus beartais.

**2. Athchóiriú ar an riarachán poiblí**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat straitéiseach na hÚcráine le haghaidh athchóiriú ar an riarachán poiblí ailínithe go páirteach le caighdeáin Eorpacha. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil na sásraí bainistithe agus comhordúcháin chun é a chur chun feidhme seanbhunaithe. Cuireann an tAontas in iúl gur cheart acmhainneacht na státseirbhíse a neartú chun athchóirithe a chur chun cinn, agus nach mór inbhuanaitheacht airgeadais na n-athchóirithe a áirithiú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le caighdeáin Eorpacha a mhéid a bhaineann le **forbairt agus comhordú beartais.** Cuireann an tAontas in iúl nach mór don Úcráin a creat rialála a uasghrádú agus feabhas a chur ar chaighdeáin le haghaidh ceapadh beartais agus dréachtú reachtach atá bunaithe ar fhianaise agus nach mór di comhairliúchán poiblí éifeachtach cuimsitheach a áirithiú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le caighdeáin Eorpacha maidir lena **seirbhís phoiblí agus bainistiú acmhainní daonna.** Iarrann an tAontas ar an Úcráin a creat rialála maidir leis an státseirbhís a ailíniú a thuilleadh le prionsabail na dtuillteanas, na trédhearcachta agus an ionracais i nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta. Ba cheart earcaíocht fiúntasbhunaithe trédhearcach agus iomaíoch a chur ar bun arís agus a fheabhsú sa státseirbhís, agus an aird iomchuí á tabhairt ar an staid slándála. Cuireann an tAontas in iúl gur gá sonraí maidir le forais an dífhostaithe, chomh maith le líon agus catagóirí na gconarthaí sealadacha, a bhailiú agus a fhaire chun mí-úsáid a chosc. Meabhraíonn an tAontas gur gá an t-athchóiriú ar chóras luacha saothair na státseirbhíseach atá bunaithe ar aicmiú post a thabhairt chun críche chun córas tuarastail trédhearcach, iomaíoch agus cothrom a áirithiú. Cuireann an tAontas in iúl gur cheart dul chun cinn agus méadú a dhéanamh i dtaca le bainistiú acmhainní daonna a dhigiteáil i gcomhlachtaí riaracháin phoiblí.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil **córas eagrúcháin agus cuntasachta** na hÚcráine ailínithe go páirteach le caighdeáin Eorpacha. Iarrann an tAontas ar an Úcráin feabhas a chur ar eagrú inmheánach aireachtaí, ar chuntasacht agus ar shásraí faireacháin feidhmíochta idir comhlachtaí formhaoirseachta agus fochomhlachtaí. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin a reachtaíocht a chomhchuibhiú leis an dlí maidir le Nós Imeachta Riaracháin agus a áirithiú nach dtabharfar isteach aon eisceacht gan údar ar chur i bhfeidhm an dlí. Luann an tAontas gur cheart a áirithiú go gcuirfear an Dlí maidir le Nósanna Imeachta Riaracháin chun feidhme go hiomlán agus go ndéanfar faireachán air. Chomh maith leis sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athchóiriú ar an dílárú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil córas **seachadta seirbhísí** na hÚcráine an-ailínithe le caighdeáin Eorpacha. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint de líonra na n-ionad seirbhísí riaracháin a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áiritheofar rochtain éasca do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a áirithiú go ndéanfar reachtaíocht a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais sa réimse sin.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil institiúideach seanbhunaithe i bhfeidhm ag an Úcráin chun an **t-airgeadais phoiblí a bhainistiú**. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Úcráin níos mó oibre chun feabhas ar chur chun feidhme na reachtaíochta. Iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat buiséadach meántéarmach agus ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí, go háirithe trí fheabhas a chur ar an modheolaíocht le haghaidh athbhreithnithe caiteachais agus trí athbhreithnithe bliantúla caiteachais a dhéanamh ar bhuiséad an stáit. Iarrann an tAontas ar an Úcráin feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar rioscaí fioscacha, go háirithe trí fheabhas a chur ar an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí fioscacha a bhaineann le infheistíochtaí poiblí, le fiontair faoi úinéireacht stáit, agus le buiséid áitiúla. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint d’fheabhas a chur ar bhainistiú na hinfheistíochta poiblí i gcomhréir le treochlár an athchóirithe maidir le Bainistiú na hInfheistíochta Poiblí agus leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann leis. Molann an tAontas don Úcráin trédhearcacht agus formhaoirseacht phróiseas an bhuiséid a neartú, go háirithe trína áirithiú go mbeidh shonraí fioscacha ar fáil go poiblí, go tráthúil agus go rialta d’fho-earnálacha uile an rialtais ghinearálta, trí raon feidhme na pleanála buiséadaí meántéarmacha a leathnú chuig an rialtas ginearálta agus trí institiúid fhioscach neamhspleách a bhunú.

**3. Caibidil 23 - Na breithiúna agus na cearta bunúsacha**

Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil creat reachtach institiúideach na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha a mhéid a bhaineann le **feidhmiú na mbreithiúna**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Úcráin neamhspleáchas agus acmhainneacht na gcomhlachtaí breithiúnacha agus ionchúisimh, agus roghnú tuilleamhthach a gcomhaltaí, a neartú a thuilleadh, a rialachas breithiúnach a chuíchóiriú, feabhas a chur ar bhainistiú agus acmhainní na gcúirteanna, cuntasacht agus ionracas a chomhdhlúthú ar gach leibhéal, inrochtaineacht agus cáilíocht an cheartais a áirithiú, agus a áirithiú go ndéanfar an ceartas go héifeachtúil i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha.

PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ag an Úcráin maidir le **neamhspleáchas agus neamhchlaontacht** na mbreithiúna a chothú. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, pleananna na hÚcráine athléimneacht na n-institiúidí ceartais a neartú a thuilleadh i leith cásanna a bhaineann le cur isteach inmheánach agus seachtrach. Tugann an tAontas dá aire agus is cúis imní dó gach a thit amach le déanaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den dul chun cinn san athchóiriú breithiúnach, go háirithe an mhoill iarrthóirí a cheapadh chuig institiúidí arna mbunú den athuair le déanaí. Amach anseo, ní mór don Úcráin neamhspleáchas, ionracas, stádas agus acmhainneachtaí na gcomhlachtaí rialachais agus na gcomhlachtaí féinrialachais a mhéid a bhaineann le cúrsaí bhreithiúnacha agus ionchúisimh a threisiú a thuilleadh, agus an rialachas breithiúnach agus an córas bainistithe cúirte, chomh maith leis an tseirbhís ionchúisimh, a bharrfheabhsú. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hÚcráine córas leithdháilte randamaigh a áirithiú i ndáil le cásanna sa tseirbhís ionchúisimh bunaithe ar chritéir shoiléire oibiachtúla agus tuilleadh feabhais a chur ar an gcóras sin sna cúirteanna. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí leanúnacha na hÚcráine chun neamhspleáchas bhreithiúna na ngnáthchúirteanna, na Cúirte Uachtaraí agus na Cúirte Bunreachtúla agus neamhspleáchas na n-ionchúisitheoirí agus Riarachán Breithiúnach an Stáit a neartú, lena n-áirítear caighdeáin bunaithe ar leibhéal ard ionracais, trédhearcacht agus fiúntas sna nósanna imeachta roghnúcháin agus ceapacháin agus tuilleadh feabhais a chur orthu. Chuige sin, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh baint fhóinteach ar bhonn shealadach ag saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta leis na nósanna imeachta roghnúcháin reatha agus na cinn a bheidh ann amach anseo. Ní mór don Úcráin seasamh an Phríomh-Ionchúisitheora a dhípholaitiú, lena n-áirítear trí na nósanna imeachta maidir le roghnú agus dífhostú a dhéanamh níos oibiachtúla, níos trédhearcaí agus níos fiúntasbhunaithe, agus na caighdeáin Eorpacha á gcur san áireamh. Chomh maith leis sin, ba cheart don Úcráin feabhas a chur ar an gcóras scaoilte do bhreithiúna chun go mbeidh sé i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha.

Tugann an tAontas dá aire gur threisigh an Úcráin a creat dlíthiúil institiúideach maidir le **cuntasacht** go mór. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, go bhfuil próiseas grinnfhiosrúcháin na mbreithiúna agus fianú na n-ionchúisitheoirí á gcur chun feidhme go cuí ag an Úcráin i gcónaí. Chun torthaí nithiúla a bhaint amach, áfach, ní mór borradh a chur faoin ghrinnfhiosrúchán agus an fianú. Cuireann an tAontas in iúl gur gá don Úcráin leanúint de bhearta coiscthe éillithe a atreisiú i gcás na mbreithiúna, go háirithe trí chóras níos fearr maidir le dearbhuithe ionracais agus fíoruithe do bhreithimh. Tugann an tAontas dá aire freisin gur gá tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat araíonachta do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an riaráiste i gcásanna araíonachta, feabhas a chur ar bhearta araíonachta agus ar a bhforfheidhmiú, chomh maith le treisiú na hArd-Chigireachta laistigh den tseirbhís ionchúisimh.

Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí atá déanta ag an Úcráin chun **cáilíocht** an cheartais a fheabhsú, lena n-áirítear trí chreat dlíthiúil institiúideach feabhsaithe chun breithiúna agus ionchúisitheoirí a roghnú, ach ní mór aghaidh a thabhairt fós ar ghéarghanntanas breithiúna agus foirne tacaíochta. Bíonn tionchar diúltach ag ganntanas acmhainní airgeadais agus daonna ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh. Ní mór córas meastóireachta feidhmíochta tréimhsiúla éifeachtach, arna bhunú ar chritéir shoiléire oibiachtúla, a chur ar bun le haghaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí. Iarrann an tAontas ar an Úcráin feabhas a chur ar **éifeachtúlacht** an chórais ceartais agus díriú ar riaráiste na gcásanna agus ar an easpa aonfhoirmeachta sa chásdlí, agus dul chun cinn a dhéanamh ina córas digitithe. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé an chúirt riaracháin nua a bhunú go pras agus go mbeidh sí lánoibríochtúil chun déileáil le cásanna i gcoinne gníomhaireachtaí náisiúnta stáit tar éis nós imeachta roghnúcháin inchreidte ina mbeidh ról fóinteach ag saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta. Ina theannta sin, leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé an Barra agus Scoil Náisiúnta na mBreithiúna a athchóiriú, lena n-áirítear rannpháirtíocht fhóinteach saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun oiliúint na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí a ailíniú leis na caighdeáin Eorpacha, lena n-áirítear trí nós imeachta roghnúcháin trédhearcach agus fiúntasbhunaithe do Scoil Náisiúnta na mBreithiúna agus a curaclaim, a teagasc, a measúnaithe riachtanas agus a modhanna meastóireachta a nuachóiriú, agus athchóiriú an oideachais dhlíthiúil a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dheighilt institiúideach idir an t-oideachas dlíthiúil agus oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí. Ina theannta sin, ba cheart don Úcráin feabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le nós imeachta na Cúirte Bunreachtúla agus moltaí Choimisiún na Veinéise á gcur san áireamh, bearta sistéamacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú cinntí ó chúirteanna náisiúnta agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar mhoratóirí reachtacha agus a áirithiú go mbaileofar dóthain sonraí maidir le forfheidhmiú, agus réiteach malartach díospóidí a leathnú agus leanúint de chúnamh dlíthiúil a fhorbairt.

Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfadh an Úcráin dul chun cinn nithiúil i gcomhrac na saoirse ó phionós i gcás croíchoireanna idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe trí fhorálacha Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chur chun feidhme a thuilleadh i gcóras dlí na hÚcráine agus trí dhul chun cinn leanúnach a áirithiú i dtreo cuntas teiste láidir maidir le himscrúduithe intíre, ionchúisimh agus ciontuithe croíchoireanna idirnáisiúnta.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil feabhas tagtha de réir a chéile ar chreat reachtach agus institiúideach na hÚcráine maidir leis **an éilliú a chomhrac** agus go bhfuil sé ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá tuilleadh feabhsuithe suntasacha ó thaobh bearta coisctheacha agus diansmachta araon. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá neamhspleáchas agus éifeachtacht na n-institiúidí speisialaithe um chomhrac an éillithe agus na n-institiúidí ábhartha eile a áirithiú trína n-acmhainneachtaí agus a sainorduithe a neartú a thuilleadh. Cuireann an tAontas i dtreis freisin nach mór don Úcráin dlínse Bhiúró Náisiúnta na hÚcráine um Chomhrac an Éillithe a leathnú chun gach post poiblí ardriosca a chumhdach, lena n-áirítear ceannaireacht oifig an Uachtaráin, cinn na n-údarás riaracháin réigiúnach etc., agus an acmhainneacht oibríochtúil agus na cumhachtaí is gá a thabhairt d'Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe um Chomhrac an Éillithe chun tús a chur le himeachtaí coiriúla i gcoinne Feisirí Parlaiminte gan formheas a fháil ón Ard-Ionchúisitheoir. Iarrann an tAontas ar an Úcráin an creat coiscthe éillithe a neartú a thuilleadh ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon, lena n-áirítear trí bhearta spriocdhírithe chun an t-éilliú a chomhrac. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin an creat beartais um chomhrac an éillithe a chur chun feidhme go leanúnach, lena gcuimsítear príomhshruthú chomhrac an éillithe, measúnuithe tiomnaithe agus bearta comhthéacs-shonracha atá dírithe ar na hearnálacha is leochailí amhail na breithiúna, forfheidhmiú an dlí, soláthar poiblí (go háirithe soláthar cosanta), fiontair faoi úinéireacht stáit, bonneagair, custaim agus cánachas, tógáil agus bainistiú talún, acmhainní nádúrtha agus eastóscadh, agus oideachas. Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart aird ar leith a thabhairt ar riar na n-acmhainní a bhaineann le cúnamh idirnáisiúnta agus leis an atógáil a méid a bhaineann leis an gcogadh, lena n-áirítear acmhainní ón Aontas. Maidir leis an bhforfheidhmiú, cuireann an tAontas i dtreis freisin nach mór don Úcráin tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun dul i ngleic leis an tsaoirse ó phionós agus le patrúin shistéamacha éillithe ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil, rud a mbeidh acmhainní leordhóthanacha agus cur chuige láidir iomlánaíoch ag teastáil ina leith bunaithe ar fhíorthiomantas polaitiúil agus fís straitéiseach fhadtéarmach. Meabhraítear don Aontas gur gá dul chun cinn suntasach a dhéanamh chun cuntas teiste láidir a bhunú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe i gcásanna éillithe, go háirithe ciontuithe deiridh ar ardleibhéal. Meabhraítear don Aontas tiomantas na hÚcráine dúnadh uathoibríoch cásanna ardphróifíle comhraic éillithe a aisghairm ar dhul in éag na dteorainneacha ama don imscrúdú réamhthrialach, cuireann sé i dtábhacht gur cheart deireadh a chur leis sin i ngach cás, agus gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainneacha ama atá ann cheana chun imscrúduithe éifeachtacha a áirithiú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus leis na caighdeáin Eorpacha maidir le **cearta bunúsacha** agus cuireann sé i dtreis gur gá a chur chun feidhme a neartú chun teachtadh na gceart bunúsach sa chleachtas a ráthú do chách, lena n-áirítear acmhainneachtaí agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí um chearta an duine a neartú.

Tugann an tAontas dá aire, maidir le céastóireacht agus íde mhídhaonna nó tháireach a chosc agus maidir le **córas na bpríosún**, go bhfuil an creat dlíthiúil agus institiúideach i bhfeidhm go ginearálta, ach nach gcomhlíonann gnéithe áirithe den réimse sin na caighdeáin Eorpacha. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hÚcráine a creat dlíthiúil a thabhairt cothrom le dáta i ndáil leis an méid sin. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme sa réimse seo agus chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí ón gCoiste Eorpach chun Céastóireacht a Chosc trí dhul i ngleic le plódú, leis an drochíde atá á tabhairt do dhaoine atá á gcoinneáil agus do chiontaigh agus le drochdhálaí sna príosúin agus sna hionaid choinneála.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an creat dlíthiúil maidir le **cosaint sonraí** ailínithe go hiomlán le *acquis* an Aontais. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Úcráin ailíniú iomlán a dhéanamh leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé na dréachtdlíthe maidir le cosaint sonraí pearsanta agus maidir leis an gCoimisiún Náisiúnta um Chosaint Sonraí Pearsanta agus rochtain ar fhaisnéis phoiblí a ghlacadh go pras. Ní mór na hacmhainneachtaí institiúideacha a leathnú go mór chun na sainchumais a bhronntar ar an nGníomhaireacht um Chosaint Sonraí de réir *acquis* an Aontais a chomhlíonadh.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus leis na caighdeáin Eorpacha a mhéid a bhaineann leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh**. Tugann an tAontas dá aire pleananna na hÚcráine ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cásanna dlí i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí, leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, chomh maith leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart don Úcráin leanúint dá hiarrachtaí neamhspleáchas iomlán a áirithiú don rialtóir meán, Comhairle Náisiúnta na hÚcráine maidir leis an gCraoladh Teilifíse agus Raidió. Cuireann an tAontas i dtreis freisin a thábhachtaí atá coimircí d'fheidhmiú neamhspleách mheáin na seirbhíse poiblí agus rialacha maidir le fógraíocht stáit a leithdháileadh, bearta agus coimircí a chur i bhfeidhm go pras agus go héifeachtach maidir le sábháilteacht agus neamhspleáchas na n-iriseoirí, urraim a thabhairt dá ról maidir le faisnéis phoiblí, cuntasacht i gcás a dhéantar imeaglú nó ciapadh ina leith, bearta a chur chun feidhme chun tacú leis na meáin phoiblí áitiúla agus cur chuige leordhóthanach comhsheasmhach maidir le rochtain iriseoirí ar fhaisnéis i gcomhthéacs an dlí airm. Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart athchóirithe na meán a chur chun feidhme gan mhoill chun an riosca go dtiocfadh struchtúir mhonaplacha nó olagarcacha chun cinn an athuair a laghdú. Tugann an tAontas dá aire plean na hÚcráine an Treochlár a chur chun feidhme chun tacú le spás iarchogaidh a bhunú do na Meáin atá iolrach, trédhearcach agus neamhspleách tar éis an dlí Airm a fhoirceannadh nó a chealú.

PUBLIC

Maidir le **comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú**, i gcás ina bhfuil ailíniú páirteach le *acquis* an Aontais bainte amach ag an Úcráin, tugann an tAontas dá aire pleananna na hÚcráine ailíniú a áirithiú freisin le Treoracha an Aontais maidir le híoschaighdeáin do chomhlachtaí comhionannais. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil gá le hiarrachtaí chun an creat dlíthiúil maidir le comhrac na fuathchainte agus na coireachta fuatha a ailíniú leis an gCinneadh Réime maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil. Tugann an tAontas dá aire plean na hÚcráine a Cód Coiriúil agus a Cód Nós Imeachta Choiriúil a leasú dá réir. Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil soiléireacht sa chreat dlíthiúil maidir leis an neamh-idirdhealú a mhéid a bhaineann le raon feidhme (réimsí) na cosanta ar idirdhealú, ach tugann sé dá aire plean na hÚcráine a reachtaíocht a neartú, lena n-áirítear maidir le bearta chun idirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne a chosc agus a chomhrac, agus chun a reachtaíocht maidir le cúnamh dlíthiúil saor in aisce d'íospartaigh na gcionta coiriúla sin a leasú. Dearbhaíonn an tAontas gur díol sásaimh dó go bhfuil rún ag an Úcráin dlí a ghlacadh lena dtabharfar isteach institiúid na gcomhpháirtithe cláraithe (lena n-áirítear comhpháirtíochtaí comhghnéis) i gcomhréir le breithiúnas an 1 Meitheamh 2023 ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá an dlí náisiúnta a ailíniú go hiomláin le reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe. Tugann an tAontas dá aire pleananna na hÚcráine ailíniú iomlán a áirithiú le *acquis* an Aontais maidir le comhionannas inscne agus maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, go háirithe chun dul i ngleic go héifeachtach le gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus foréigin teaghlaigh chomh maith le feabhas a chur ar infhaighteacht agus inbhuanaitheacht seirbhísí tacaíochta speisialaithe d'íospartaigh an fhoréigin. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá feabhas a chur ar chur chun feidhme na reachtaíochta i gcoinne an idirdhealaithe agus na fuathchainte chomh maith le hacmhainneacht forfheidhmithe na n-oifigeach um fhorfheidhmiú an dlí agus an Choimisinéara Pharlaimintigh um Chearta an Duine. Molann an tAontas don Úcráin a áirithiú go mbaileofar sonraí maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus maidir le hidirdhealú atá imdhealaithe de réir claontachta agus chineál an chiona. Tugann an tAontas dá aire pleananna na hÚcráine feabhas a chur ar an gcóras chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar choireanna arna spreagadh ag éadulaingt ar bhun na féiniúlachta inscne agus an ghnéaschlaonta chomh maith le feabhas a chur ar bhailiú agus anailís chórasach sonraí maidir le neamhionannais inscne.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil gníomhaíochtaí á ndéanamh ag an Úcráin chun cearta **daoine faoi mhíchumas** a chothú a thuilleadh, lena n-áirítear maidir le ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí agus chun dul chun cinn i dtreo dí-institiúidithe a áirithiú trí straitéis chuimsitheach a chur chun feidhme. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór iarrachtaí a dhéanamh chun na caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a chur chun feidhme sa réimse sin, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus chun ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin leanúint den aistriú chuig córas measúnaithe míchumais atá bunaithe ar chearta an duine.

Tugann an tAontas dá aire plean na hÚcráine seasamh le cosaint **chearta an linbh** ar líne agus as líne agus í a fheabhsú trí ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais agus leis na caighdeáin Eorpacha maidir le ceartas a thacaíonn le leanaí agus tríd an sásra cosanta sóisialta do leanaí a neartú agus trí cheart leanaí a thógáil i dtimpeallacht shábháilte a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire a thábhachtaí atá sé don Úcráin dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh maidir le córas comhtháite cosanta leanaí a bhunú agus maidir le dí-institiúidiú leanaí lasmuigh de chúram tuismitheora agus leanaí faoi mhíchumas, maidir leis an aistriú chuig cúram teaghlachbhunaithe nó pobalbhunaithe a áirithiú — agus freisin d'fhonn ullmhú d'fhilleadh leanaí a easáitíodh mar gheall ar chogadh foghach na Rúise, ina measc na leanaí a dhíbir nó a d'aistrigh an Rúis go mídhleathach. Chuige sin, ní mór a áirithiú freisin go mbeidh sonraí ardcháilíochta, imdhealaithe agus nuashonraithe ar fáil maidir le leanaí in institiúidí.

Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hÚcráine feabhas a chur ar an ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla. Maidir le cearta íospartaigh na coireachta, tugann an tAontas dá aire plean na hÚcráine dlí a ghlacadh maidir le cúiteamh d'íospartaigh cionta coiriúla foréigneacha agus iarrann sé ar an Úcráin céimeanna reachtacha breise a ghlacadh chun ailíniú leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach, go háirithe maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le measúnú aonair ar íospartaigh agus le hinfhaighteacht na mbeart cosanta sonrach, lena n-áirítear d'íospartaigh na coireachta ar leanaí iad.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil na hÚcráine i gcomhréir go ginearálta leis na caighdeáin Eorpacha maidir le cearta **daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad**. Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh air tar éis dheireadh an dlí airm i bhfianaise na gcaighdeán Eorpach chun cearta mionlaigh a áirithiú go hiomlán do mhionlaigh náisiúnta aonair ina gcúinsí sonracha. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint de bheith ag dul i mbun comhairliúcháin fhóinteacha le hionadaithe mionlaigh náisiúnta agus acmhainní leordhóthanacha agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil do na húdaráis fhreagracha. Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas dá aire plean na hÚcráine acmhainneacht an Choimisinéara Pharlaimintigh um Chearta an Duine a neartú chun faisnéis a rianú maidir le cearta na ndaoine ar de mhionlaigh náisiúnta (pobail) iad agus chun fíricí maidir le gníomhaíochtaí agus cleachtais idirdhealaitheacha a shainaithint. Molann an tAontas don Úcráin sonraí dhaonáireamh 2001 a thabhairt cothrom le dáta. Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart Comhairle na Mionlach Náisiúnta a fhorbairt tuilleadh chun comhlacht ionadaíoch a dhéanamh de don idirphlé le húdaráis na hÚcráine maidir leis na beartais a dhéanann difear do mhionlaigh náisiúnta.

Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Úcráin ailíniú iomlán a creata reachtaigh le *acquis* an Aontais a áirithiú chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as **cearta saoránachta an Aontais** tráth an aontachais.



PUBLIC

**4. Caibidil 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil na hÚcráine i réimse **chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe** agus i réimse an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Leagann an tAontas béim nach mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun an creat dlíthiúil agus straitéiseach a fhorbairt i gcomhréir le torthaí an Mheasúnaithe náisiúnta ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA) agus chun acmhainneacht institiúideach a fhorbairt chun an creat sin a chur chun feidhme, go háirithe maidir le póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis, bainistiú agus anailís faisnéise, agus comhar idirghníomhaireachta. Molann an tAontas don Úcráin cur chun feidhme cuí an Phlean Straitéisigh Uileghabhálaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Forfheidhmithe Dlí le haghaidh 2023-2027 agus plean gníomhaíochta comhfhreagrach chun é a chur chun feidhme a áirithiú. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin idirdhealú soiléir a bhunú maidir le dlínse imscrúdaitheach idir comhlachtaí imscrúdaithe réamhthrialach agus an córas bainistithe ríomhchásanna a chur chun feidhme de réir a chéile. Iarrann an tAontas ar an Úcráin comhordú foriomlán straitéiseach agus oibríochtúil na coireachta tromchúisí eagraithe a neartú agus reachtaíocht maidir le cosaint finnéithe agus faisnéis choiriúil a nuachóiriú. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Úcráin neamhspleáchas agus ionracas na n-údarás forfheidhmithe dlí a neartú agus acmhainní leordhóthanacha na n-údarás forfheidhmithe dlí sin a áirithiú, chomh maith le nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin atá trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas a thabhairt isteach do phoist bhainistíochta na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus oifigí an ionchúisitheora phoiblí. Ní mór don Úcráin dlí cuimsitheach athchóirithe Bhiúró Stáit an Imscrúdaithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme, de réir shamhail Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine agus rannpháirtíocht fhóinteach a bheith ag saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil torthaí dearfacha ag eascairt as comhar na hÚcráine i bhforfheidhmiú an dlí agus a comhar breithiúnach le Ballstáit an Aontais, CEPOL, Europol, Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), chomh maith le rannpháirtíocht an-ghníomhach san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla. Tugann an tAontas dá aire gur cheart na hiarrachtaí sin a neartú a thuilleadh. Oibríonn an Úcráin go gníomhach i gcomhar le Eurojust freisin faoi chuimsiú na Foirne Comhpháirtí Imscrúdaitheacha maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear a rinneadh san Úcráin chomh maith leis an Lárionad Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin agus phostaigh sí oifigeach idirchaidrimh freisin ar leibhéal lárnach OIPE.

PUBLIC

Leagann an tAontas béim ar an ngá atá le tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun cuntas teiste maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontaithe deiridh a chomhdhlúthú i ngach réimse den choireacht thromchúiseach agus eagraithe, lena n-áirítear an sciúradh airgid. Tugann an tAontas dá aire nach mór freagairt na n-údarás forfheidhmithe dlí ar an gcoireacht eagraithe, go háirithe an t-imscrúdú ar ghréasáin choiriúla ard-riosca, a bheith níos réamhghníomhaí agus córasaí. Cuireann an tAontas i bhfios freisin gur cheart don Úcráin cleachtas inchreidte córasach a léiriú maidir le himscrúduithe airgeadais a chur ar bun agus í ag déileáil leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe, lena n-áirítear sciúradh airgid as a n-eascraíonn méadú ar urghabháil agus coigistiú sócmhainní. Molann an tAontas don Úcráin an úsáid a bhaintear as imscrúduithe airgeadais a mhéadú agus a hacmhainneacht a fhothú chun dul i ngleic le cásanna casta airgeadais freisin. Ba cheart don Úcráin a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht ábhartha maidir le sciúradh airgid a imscrúdú agus a choiriúlú agus maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta, mar shampla na caighdeáin atá ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais agus Moneyval. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hÚcráine acmhainneachtaí a fhorbairt maidir le sócmhainní a reo agus a choigistiú agus iarrann sé uirthi an reachtaíocht ábhartha a neartú agus córas aisghabhála agus bainistithe sócmhainní na tíre a athchóiriú, lena n-áirítear athchóiriú éifeachtach a dhéanamh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Shócmhainní a Dhíorthaítear ó Éilliú agus ó Choireanna Eile a Aimsiú, a Rianú agus a Bhainistiú (ARMA) i gcomhréir le Plean na hÚcráine.

Iarrann an tAontas ar an Úcráin an reachtaíocht uile agus na bearta cur chun feidhme uile is gá a ghlacadh chun ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais i réimse na **cibearchoireachta**, agus aontú don dara prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist chun an chibearchoireacht a chomhrac go héifeachtach. Ba cheart don Úcráin cuntas teiste láidir a léiriú freisin maidir leis an gcibearchoireacht a chosc agus a chur faoi chois, agus chun na críche sin acmhainneacht dhaonna ghníomhaithe an chórais náisiúnta cibearshlándála a threisiú.

Tugann an tAontas dá aire plean na hÚcráine a creat rialála a ailíniú go hiomlán leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais a mhéid a bhaineann le **mí-úsáid ghnéasach leanaí, lena n-áirítear ar líne** agus chun a hacmhainneachtaí foriomlána a neartú agus iarrann sé ar an Úcráin aird ar leith a thabhairt ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus as líne a chosaint agus a chosc (lena n-áirítear athíospairt a chosc).



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil líon mór arm tine san Úcráin, lena n-áirítear ag sibhialtaigh, agus iarrann sé ar an Úcráin seilbh neamhdhleathach agus gáinneáil ar airm thine agus ar mhionairm agus armáin éadroma (MAAÉ) a chosc agus a chomhrac. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a Pointe Fócais Náisiúnta maidir le hAirm Thine agus a Clár aontaithe maidir le hAirm a oibríochtú go hiomlán. Cuireann an tAontas i bhfios gur cheart don Úcráin a hiarrachtaí a mhéadú maidir le múscailt feasachta, for-rochtain agus oideachas i ndáil leis na contúirtí agus na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid agus seilbh aindleathach MAAÉnna agus gáinneáil orthu, chomh maith le hairm thine aindleathacha a laghdú trí fhíorú, tabhairt suas deonach agus díghníomhachtú. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil sé beartaithe ag an Úcráin plean gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt chun an gháinneáil aindleathach ar airm thine a chomhrac, lena gcumhdófar gach réimse tábhachtach, agus cuireann sé i bhfios gur cheart measúnú cuimsitheach náisiúnta ar bhagairtí a dhéanamh i réimse rialú MAAÉnna sula gcuirfear an plean chun feidhme.

Tugann an tAontas dá aire gur tír thionscnaimh, idirthurais agus ceann scríbe na **gáinneála ar dhaoine** í an Úcráin agus nach mór di a bearta i gcoinne na gáinneála a neartú agus béim á leagan ar dhaoine leochaileacha agus leanaí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Úcráin a reachtaíocht maidir le gáinneáil ar dhaoine a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear maidir le dliteanas daoine dlítheanacha i leith cionta gáinneála, agus gur cheart di rialú níos déine a bheith aici ar dhaoine dlítheanacha, go háirithe orthu siúd a bhíonn ag plé le máthairionadaíocht agus le teicneolaíochtaí atáirgthe eile agus leanaí chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a bhrath. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ag obair ar phlean gníomhaíochta náisiúnta chun an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac agus go bhfuil sé beartaithe aici nósanna imeachta a ghlacadh chun stádas íospartach a dheonú agus cúnamh airgeadais tráthúil a áirithiú d’íospartaigh, chomh maith leis an gcomhar idirnáisiúnta a neartú chun cosaint dhlíthiúil agus cúnamh a áirithiú d’íospartaigh na hÚcráine a ndearnadh gáinneáil orthu thar lear. Leagann an tAontas béim ar an ngá atá le cur chuige íospartach-lárnach a chur chun feidhme go comhsheasmhach i ngach imscrúdú agus ionchúiseamh. Cuireann an tAontas i bhfios nach mór don Úcráin cuntas teiste láidir a léiriú maidir le himscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúiseamh agus ciontuithe deiridh sa réimse sin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais i réimse na ndrugaí agus iarrann sé ar an Úcráin ailíniú iomlán a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire go ndéanann údaráis forfheidhmithe dlí na hÚcráine **comhar ar leibhéal maith i réimse na ndrugaí** lena gcontrapháirtithe i mBallstáit an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Úcráin creat uileghabhálach straitéiseach a ghlacadh i réimse na ndrugaí, lena dtabharfar aghaidh ar laghdú soláthair agus ar éilimh, chomh maith leis an dochar a bhaineann le drugaí. Tugann an tAontas dá aire, thairis sin, plean na hÚcráine a creat institiúideach a neartú agus a oibríochtú, go háirithe trí acmhainneachtaí na Faireachlainne Náisiúnta Drugaí a fheabhsú agus córas náisiúnta luathrabhaidh a bhunú maidir leis an malartú faisnéise faoi shubstaintí sícighníomhacha nua. Cuireann an tAontas i dtábhacht, sa bhreis ar an gcreat reachtach agus straitéiseach a ailíniú le *acquis* an Aontais, go mbeidh sé ríthábhachtach go léireoidh an Úcráin cuntas teiste láidir maidir le hurghabhálacha, ionchúisimh agus ciontuithe drugaí i gcásanna a bhaineann le drugaí, chomh maith le sócmhainní coiriúla a choigistiú go córasach agus drugaí coigistithe a scriosadh go pras. Chomh maith leis sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhailiú sonraí i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh maidir leis na táscairí uile a bhaineann le drugaí agus dlús a chur leis an gcomhar oibríochtúil chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac, lena n-áirítear faoi chuimsiú EMPACT agus i gcomhar le Europol.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil na hÚcráine chun an **sceimhlitheoireacht a chomhrac** ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Leagann an tAontas béim ar an ngá le tuilleadh oibre a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar choiriúlú a dhéanamh i leith cionta a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus ar sciúradh airgid. Tugann an tAontas dá aire an tiomantas do na leasuithe is gá a ghlacadh ar mhaithe le hailíniú leis an reachtaíocht maidir le réamhtheachtaithe pléascán, ábhar sceimhlitheoireachta ar líne agus cosaint an bhonneagair chriticiúil. Iarrann an tAontas ar an Úcráin creat straitéiseach a ghlacadh chun an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus tugann sé dá aire go bhfuil an Úcráin tiomanta a creat institiúideach a fheabhsú ach eintiteas lárnach a cheapadh a bheidh freagrach as comhordú a dhéanamh ar na bealaí go mbeifear in ann an radacú agus an t-antoisceachas fhoréigneach a chosc. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Úcráine d’athléimneacht an **bhonneagair chriticiúil** a fheabhsú ach ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais, údaráis inniúla agus a gcumhachtaí a shainiú go soiléir agus pointe teagmhála aonair a bhunú chun ábhair a bhaineann le hathléimneacht eintiteas criticiúil a chomhordú chomh maith leis an gcomhar idirnáisiúnta a neartú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bunphrionsabail an chomhair bhreithiúnaigh **in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála** cumhdaithe i reachtaíocht na hÚcráine, ach gur gá í a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus an *acquis* a chur chun feidhme, lena n-áirítear leasuithe ar an mbunreacht lena gceadófar saoránaigh na hÚcráine a eiseachadadh. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil an Úcráin toilteanach díriú ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm cuí na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe Coinbhinsiúin na Háige. Iarrann an tAontas ar an Úcráin dlús a chur lena hacmhainneacht riaracháin chun go mbeidh sí in ann ceanglais an Aontais maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála a chomhlíonadh agus comhar éifeachtach le Eurojust, agus OIPE a áirithiú.

Tugann an tAontas dá aire gur dhaingnigh an Úcráin **Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta**. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil cur chun feidhme fhorálacha Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta i gcóras dlí na hÚcráine ríthábhachtach ar mhaithe le córas ceartais na hÚcráine a neartú maidir lena dlínse coiriúla a fheidhmiú orthu siúd atá freagrach as **coireanna idirnáisiúnta**. Tugann an tAontas dá aire freisin gur ghlac an Úcráin an chéad dlí lena leasaítear Cód Coiriúil agus Cóid Nós Imeachta Choiriúil na hÚcráine i ndáil le daingniú Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas ar an Úcráin gach beart is gá a dhéanamh chun dlíchóras na hÚcráine a chomhchuibhiú go hiomlán le Reacht na Róimhe mar chuid d’iarracht athchóiriú córasach fadtéarmach a bhaint amach.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an **imirce**, nach mór don Úcráin sásraí soiléire comhordúcháin a shainiú, agus iad a chur chun feidhme, idir na húdaráis stáit a bhfuil baint acu le bainistiú na himirce, agus go háirithe sásra a fhorbairt le haghaidh comhordú idirghníomhaireachta i gcás go mbeadh géarchéim imirce ann. Iarrann an tAontas ar an Úcráin an t-athchóiriú ar Sheirbhís Imirce an Stáit a thabhairt chun críche i ndáil leis an méid sin. Tugann an tAontas dá aire plean na hÚcráine na leasuithe is gá a ghlacadh i réimse na himirce dleathaí chun ailíniú leis an gcead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh (lena n-áirítear oibrithe séasúracha), le forálacha áirithe maidir le hathaontú teaghlaigh agus cónaitheoirí fadtéarmacha, le rialacha maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe d'oibrithe ardoilte trí scéim Chárta Gorm an Aontais agus do mhic léinn agus do thaighdeoirí, agus le rialacha maidir le haistrithe ionchorparáideacha. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na hÚcráine ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais i réimse na himirce neamhrialta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an smuigleáil imirceach agus iarrann sé ar an Úcráin leasuithe a ghlacadh chun go n-ailíneoidh sí leis an Treoir maidir le Smachtbhannaí i gcoinne Fostóirí. Leagann an tAontas béim ar an ngá atá le méadú a dhéanamh ar acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla i réimse na himirce, go háirithe chun an imirce neamhrialta a chosc agus é a láimhseáil ar bhealach níos fearr. Iarrann an tAontas ar an Úcráin acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha a áirithiú agus nósanna imeachta um fhilleadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

Iarrann an tAontas ar an Úcráin ailíniú iomlán a dhéanamh le *acquis* an Aontais maidir le **tearmann**, go háirithe maidir le catagóirí daoine atá i staideanna leochaileacha a shainaithint go luath agus cearta na ndaoine a dhéanann iarratas ar thearmann a áirithiú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin a hacmhainneachtaí a neartú chun ullmhú do mhéadú ar líon na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndídeanaithe agus na húdaráis thiomnaithe stáit a neartú, lena n-áirítear trí acmhainní iomchuí a leithdháileadh.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil beartas víosaí na hÚcráine ailínithe go hiomlán le **beartas víosaí** an Aontais go fóill, agus iarrann sé ar an Úcráin *acquis* víosaí an Aontais a chur san áireamh cheana chun ailíniú iomlán a bhaint amach de réir a chéile, rud a léireoidh tiomantas na tíre ailíniú iomlán a bhaint amach. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin ailíniú go hiomlán le liosta na dtíortha lena mbaineann ceanglas víosa, ag díriú go háirithe ar thíortha ar baol iad don Aontas ó thaobh imirce neamhrialta nó slándála de. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbeidh gá le hoiriúnuithe teicniúla breise ar chórais faisnéise na hÚcráine chun an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a chomhlíonadh, rud is féidir a dhéanamh tar éis an aontachais.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire, maidir le **Schengen agus teorainneacha seachtracha**, an dea-chomhar oibríochtúil leanúnach le Frontex maidir le faireachas ar theorainneacha agus oiliúint. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint den chomhar sin a fhorbairt. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin tuilleadh oibre a dhéanamh ar chóras um bainistiú teorainneacha éifeachtach éifeachtúil a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an modheolaíocht Eorpach um bainistiú comhtháite teorainneacha. Meabhraítear don Aontas go mbeidh codanna substaintiúla de *acquis* Schengen, lena n-áirítear nach ndéanfar seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha, faoi réir ceanglais oibiachtúla breise a bheith á gcomhlíonadh ag an Úcráin, rud a bheidh le fíorú faoin meicníocht um meastóireacht Schengen. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hÚcráine Plean Gníomhaíochta Schengen a ghlacadh chun ullmhú do dhul isteach i limistéar Schengen.

PUBLIC

Maidir le **góchumadh an euro**, tugann an tAontas dá aire gur cheart don Úcráin comhar idirghníomhaireachta a neartú maidir le góchumadh airgeadra a choiriúlú agus tugann sé dá aire plean na hÚcráine an Biúró Slándála Eacnamaíche a neartú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin Coinbhinsiún na Ginéive maidir le Deireadh a Chur le Góchumadh Airgeadra a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

**5. Critéir eacnamaíocha**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin tiomanta do bheith ina **geilleagar margaidh feidhmiúil**. Leagann an tAontas béim ar an gcomhthoil leanúnach intíre maidir le bunphrionsabail an bheartais eacnamaíoch, lena n-áirítear an tiomantas don inbhuanaitheacht fhioscach, don chobhsaíocht mhacra-airgeadais agus do chur i bhfeidhm phrionsabail an mhargaidh. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil brú an-mhór curtha ag ionsaí gan údar na Rúise ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch. Tugann an tAontas dá aire, in ainneoin roinnt dul chun cinn le blianta beaga anuas, de dheasca timpeallacht lag ghnó, leibhéil arda neamhfhoirmiúlachta agus leibhéil ísle rochtana ar mhaoiniú agus ar nuálaíocht, go bhfuil teorainn á cur go fóill le feidhmiú éifeachtach an gheilleagair margaidh. Iarrann an tAontas ar an Úcráin aghaidh a thabhairt go córasach agus go críochnúil ar mholtaí beartais an Aontais a leagtar amach sna pacáistí um méadú agus ar na gealltanais a tugadh faoi Phlean na hÚcráine, lena dtacófar leis an Úcráin na critéir eacnamaíocha a chomhlíonadh agus dul i ngleic leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil. Molann an tAontas don Úcráin a gealltanais faoi chláir CAI a chur chun feidhme, agus le haon eagraíocht idirnáisiúnta eile, a thacódh leis an Úcráin na critéir eacnamaíocha a chomhlíonadh.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an Úcráin maidir lena **hacmhainneacht déileáil le brú iomaíoch agus le fórsaí an mhargaidh san Aontas**. D'ainneoin na mbearnaí atá ann fós, agus d'ainneoin na n-imthosca atá thar a bheith dúshlánach arb iad ionsaithe d'aon ghnó na Rúise ar bhonneagar fuinnimh agus iompair na hÚcráine is cúis leo, tugann an tAontas dá aire go dearfach go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ag an Úcráin a bonneagar fuinnimh agus iompair a chaomhnú, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh maidir le digitiú an gheilleagair agus cáilíocht an oideachais. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór leanúint d'infheistíochtaí i ngach réimse den bhonneagar fisiceach agus gur cheart tacú leo trí fheabhas a chur ar bhainistiú na hinfheistíochta poiblí agus ar athchóiriú an rialachais. Iarrann an tAontas ar an Úcráin feabhas a chur ar a táirgiúlacht agus ar a hiomaíochas, a bhfuil bac á gcur orthu faoi láthair mar gheall ar ghanntanais lucht saothair agus caiteachas íseal ar bhonn leanúnach ar T&F agus ar an nuálaíocht.

Iarrann an tAontas ar an Úcráin cuntasacht rialachas corparáideach na bhfiontar príobháideach agus na bhfiontar faoi úinéireacht stáit araon a áirithiú trí fhreagrachtaí na mbord a shoiléiriú maidir le beartais bainistithe riosca a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le comhrac an éillithe. Iarrann an tAontas ar an Úcráin cosc a chur ar an mbaol go dtiocfadh struchtúir olagarcacha nó mhonaplacha chun cinn arís in earnálacha ina bhfuil an príobháidiú ar bun.



PUBLIC

**6. Caibidil 5 – Soláthar poiblí**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil córas um sholáthar poiblí na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais i réimse na lamháltas. Iarrann an tAontas ar an Úcráin prionsabal na córa comhionainne a áirithiú idir an tAontas agus oibreoirí eacnamaíocha na hÚcráine ar fud an chórais um sholáthar poiblí ina iomláine, lena n-áirítear na hearnálacha clasaiceacha agus earnáil na bhfóntas, lamháltais agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna), agus soláthar cosanta. Maidir leis **na hearnálacha clasaiceacha agus earnáil na bhfóntas**, iarrann an tAontas ar an Úcráin athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme na reachtaíochta, eisiataí ón reachtaíocht sin, forais le haghaidh úsáid an nós imeachta idirbheartaithe, sainmhínithe agus conarthaí measctha, meastachán luacha, roghnú, agus critéir dhámhachtana, modhanna soláthair, chomh maith le modhnuithe ar chonarthaí agus foirceannadh. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach i réimse na **lamháltas agus na CPPanna** agus iarrann sé ar an Úcráin athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha maidir le logánú – agus go háirithe na ceanglais maidir le bunú – sainiú, roghnú agus eisiamh oibreoirí eacnamaíocha, agus teorainn a chur leis an riosca oibriúcháin don pháirtí príobháideach. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Úcráin feabhas a chur ar a reachtaíocht maidir le **soláthar i réimse na cosanta agus na slándála**, agus neamhspleáchas an dá ghníomhaireacht soláthair á áirithiú, aghaidh á thabhairt ar na heasnaimh maidir le sainmhíniú neamhleor ar údaráis chonarthacha, an easpa nósanna imeachta, critéar agus ceanglas áirithe maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a cháiliú, forálacha neamhiomlána maidir le fochonraitheoireacht agus an easpa sásraí sonracha athbhreithniúcháin a bhaineann leis an gcosaint.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil ullmhúchán measartha déanta ag an Úcráin ó thaobh **acmhainneacht cur chun feidhme agus forfheidhmithe** de sa soláthar poiblí. Cuireann an tAontas i dtreis nach bhfuil ach acmhainní daonna agus airgeadais teoranta ag an Úcráin chun an córas um sholáthar poiblí a bhainistiú, ach go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach á coinneáil aici chun próisis soláthair phoiblí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, go háirithe úsáid an chórais um ríomhsholáthar. Iarrann an tAontas ar an Úcráin trédhearcacht a córais um sholáthar poiblí a fheabhsú trí líon na nósanna imeachta soláthair a dhéantar lasmuigh den chóras um ríomhsholáthar a laghdú go suntasach, rialacha soiléire a thabhairt isteach maidir le critéir neamhphraghais a chur i bhfeidhm agus feabhas a chur ar na modhanna chun ceanglais réamhthairisceana agus modheolaíochtaí costála a shainiú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht an chomhlachta rialaithe agus faireacháin.

Tugann an tAontas dá aire an t-ailíniú atá déanta ag an Úcráin go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **leigheasanna**. Iarrann an tAontas ar an Úcráin athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí maidir le teorainneacha ama chun gearáin a chur isteach, agus tréimhsí neamhghníomhaíochta a mbíonn tionchar diúltach acu ar éifeachtacht an chórais achomhairc. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Úcráin athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le leigheasanna lena gcumhdaítear lamháltais agus CPPanna, an soláthar simplithe agus conarthaí díreacha a dhámhtar lasmuigh den chóras um ríomhsholáthar, agus an *acquis* a chomhlíonadh a thuilleadh. Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart leanúint d'iarrachtaí na hÚcráine feabhas a chur ar acmhainneachtaí riaracháin Choiste Frithmhonaplachta na hÚcráine. Tugann an tAontas dá aire go leanann an Úcráin dá córas bainistithe ríomhghearán a chur chun cinn a thuilleadh, lena n-áirítear freisin foilsiú chinntí na n-údarás conarthach maidir le tairiscintí i gcás cealaithe. Iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh feabhais a chur ar acmhainneacht na Cúirte Riaracháin atá freagrach as achomhairc.

Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Úcráin **ionracas** an tsoláthair phoiblí a neartú, trí fheabhas a chur ar mheasúnuithe riosca maidir le comhrac an éillithe, ar rialuithe inmheánacha agus seachtracha, ar an bhforfheidhmiú agus ar shásraí iniúchóireachta. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a áirithiú go gcuirfear ceanglais trédhearcachta agus ionracais in iúl go soiléir ina reachtaíocht maidir le soláthar poiblí, chomh maith le straitéis um chomhrac an éillithe atá saincheaptha don soláthar poiblí a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

**7. Caibidil 18 – Staidreamh**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil **bonneagar staidrimh** na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Úcráin acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha a leithdháileadh ar earnáil an staidrimh chun ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais a bhaint amach. Iarrtar ar an Úcráin freisin neamhspleáchas gairmiúil iomlán Sheirbhís Staidreamh Stáit na hÚcráine agus táirgeoirí eile staidrimh oifigiúil a áirithiú (go háirithe Banc Náisiúnta na hÚcráine agus an Aireacht Airgeadais) chomh maith le tarchur na sonraí uile a cheanglaítear le *acquis* an Aontais chuig Eurostat.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go n-úsáideann an Úcráin roinnt de **phríomhaicmiúcháin** an Aontais chun staidreamh a tháirgeadh, ach gur gá leaganacha níos nua a thabhairt isteach fós. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a áirithiú go ndéanfar an obair bhreise is gá ar chláir staidrimh chun comhlíonadh iomlán *acquis* an Aontais a áirithiú.

Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil ailíniú déanta go páirteach ag an Úcráin le *acquis* an Aontais maidir le **staidreamh**, agus go mbeidh uirthi obair shuntasach a dhéanamh amach anseo i ngach réimse. Iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse staidrimh chun ailíniú iomlán a bhaint amach.

PUBLIC

**8. Caibidil 32 – Rialú airgeadais**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais maidir le **rialú inmheánach airgeadais phoiblí** agus iarrann sé ar an Úcráin feabhas a chur ar an gcur chun feidhme éifeachtach, go háirithe maidir le cuntasacht bhainistíochta tharmligthe agus bainistiú riosca. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá acmhainneachtaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a threisiú agus iarrann sé ar an Úcráin ról na Seirbhíse Iniúchóireachta Stáit a shoiléiriú freisin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le hiniúchóireacht sheachtrach. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Úcráin neamhspleáchas agus sainordú polaitiúil, airgeadais agus riaracháin Dhlísheomra Cuntasaíochta na hÚcráine a neartú, i gcomhréir le ceanglais na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Iarrann an tAontas ar an Úcráin feabhas a chur ar an gcomhar idir Dlísheomra Cuntasaíochta na hÚcráine agus Ard-Chomhairle na hÚcráine chun an mhaoirseacht ar bhuiséad an Stáit a neartú. Ní mór feabhas a chur ar an obair iniúchóireachta agus béim á leagan ar a tionchar agus é mar aidhm léi ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta.

Iarrann an tAontas ar an Úcráin a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le Treoir an Aontais maidir le comhrac na calaoise ar **leasanna airgeadais an Aontais** trí bhíthin an dlí choiriúil.

Iarrann an tAontas ar an Úcráin comhar a bhunú go foirmiúil agus a threisiú idir na húdaráis inniúla náisiúnta maidir leis an **euro a chosaint ar ghóchumadh** agus tugann sé dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais sa réimse sin.

*  *  *

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na hÚcráine, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Úcráin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais agus na gcaighdeán Eorpach ábhartha a chumhdaítear le Cnuasach 1, gur ghá na *tagarmharcanna eatramhacha* seo a leanas a bhaint amach sular féidir na chéad chéimeanna eile a thabhairt i bpróiseas caibidlíochta an chnuasaigh sin:

- *ar leibhéal cothrománach do Chnuasach 1,* áirithíonn an Úcráin go ndéanfar dlúthfhaireachán leantach ar chur chun feidhme na dtreochlár maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha trí shásra formhaoirseachta láidir ildisciplíneach, agus aird ar leith á tabhairt ar leordhóthanacht na n-acmhainní daonna agus airgeadais, ar an acmhainneacht institiúideach, ar chloí leis na sprioc-amanna a leagtar síos agus ar idirphlé gníomhach cuiditheach leis an tsochaí shibhialta.

**Caibidil 23 - Na breithiúna agus na cearta bunúsacha**

**Cuireann an Úcráin a hathchóiriú cuimsitheach ceartais chun feidhme a thuilleadh, lena gcuirtear feabhas ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas, cuntasacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha. Go háirithe, comhlíonfaidh an Úcráin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- treisiú a dhéanamh ar neamhspleáchas, ionracas, stádas agus acmhainneachtaí institiúideacha an rialachais bhreithiúnaigh agus ionchúisimh agus na gcomhlachtaí féinrialachais, lena n-áirítear i ndáil le folúntais a líonadh, dul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir le rialachas breithiúnach, bainistiú cúirte agus seirbhís ionchúisimh a bharrfheabhsú chun a n-éifeachtúlacht a fheabhsú.



PUBLIC

- tuilleadh feabhais a chur go leantach ar an neamhspleáchas struchtúrach, ar an ionracas agus ar an gcuntasacht ar gach leibhéal de na breithiúna, go háirithe trí fheabhas a chur ar phróisis roghnúcháin atá bunaithe ar fhiúntas; athbhreithniú a dhéanamh gan mhoill, le rannpháirtíocht fhóinteach na saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag na comhpháirtithe idirnáisiúnta, ar na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin ionracais don Chúirt Uachtarach agus do bhreithiúna ardchúirte eile agus ar na nósanna imeachta roghnúcháin don Chúirt Uachtarach agus síneadh a chur leis an gcoimisiún roghnúcháin do chomhaltaí Choimisiún Ardcháilíochta Bhreithiúna na hÚcráine; a áirithiú go mbeidh an nós imeachta roghnúcháin agus dífhostúcháin don Ard-Ionchúisitheoir agus d'ionchúisitheoirí ardleibhéil níos trédhearcaí agus bunaithe ar fhiúntas; deireadh a chur leis na forálacha lena gceadaítear ionchúisitheoirí a cheapadh agus a aistriú, gan iomaíocht, chuig oifigí ionchúisimh réigiúnacha agus chuig Oifig an Ard-Ionchúisitheora agus lena dtugtar an ceart d'Oifig an Ard-Ionchúisitheora rochtain a fháil ar aon ábhar imscrúdaithe réamhthrialach; grinnfhiosrú na mbreithiúna reatha a chur chun cinn ina mbeidh an Chomhairle um Ionracas Poiblí páirteach agus ina ndéanfaidh ionchúisitheoirí fianú; aghaidh a thabhairt ar an riaráiste i gcásanna araíonachta agus feabhas a chur ar na huirlisí araíonachta agus coiscthe éillithe agus ar a bhforfheidhmiú, lena n-áirítear dearbhuithe ionracais, lena gcuirfear chun cinn go suntasach cur chun feidhme leithdháileadh trédhearcach randamach na gcásanna.

- feabhas a chur ar cháilíocht an cheartais, lena n-áirítear trí ghanntanais breithiúna agus foirne tacaíochta a laghdú go suntasach, trí mheastóireacht feidhmíochta thréimhsiúil éifeachtach ar bhreithiúna agus ar ionchúisitheoirí a thabhairt isteach bunaithe ar rialacha agus critéir mheasúnaithe atá soiléir agus oibiachtúil, tríd an mBarra a athchóiriú, agus trí leanúint d'athchóiriú a dhéanamh ar rochtain agus ar cháilíocht an chórais oideachais dhlíthiúil agus ar oiliúint tosaigh agus leanúnach do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí.

PUBLIC

- éifeachtúlacht agus feidhmíocht na gcúirteanna agus na n-oifigí ionchúisimh a fheabhsú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le nós imeachta na Cúirte Bunreachtúla, córam a áirithiú i gcás na Cúirte Bunreachtúla agus a chinntiú go gceaptar go tráthúil iarrthóirí ar a ndearnadh grinnfhiosrú go hidirnáisiúnta, , agus moltaí ábhartha Choimisiún na Veinéise á gcur san áireamh, úsáid an réitigh mhalartaigh díospóidí a leathnú, cúnamh dlíthiúil agus forfheidhmiú cinntí cúirte a fheabhsú, lena n-áirítear trí chéimeanna nithiúla a ghlacadh chun deireadh a chur de réir a chéile le moratóirí reachtacha, digitiú an chórais ceartais a chur chun cinn agus cúirt riaracháin nua a bhunú tar éis roghnú slán inchreidte breithiúna ina mbeidh rannpháirt fhóinteach ag saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta.

**Tuilleadh dul chun cinn suntasach déanta ag an Úcráin i ngleic agus cosc an éillithe. Go háirithe, comhlíonfaidh an Úcráin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Na creataí dlíthiúla agus straitéiseacha in aghaidh an éillithe a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go leantach leanúnach, lena n-áirítear ailíniú suntasach de réir a chéile le *acquis* an Aontais agus cur chun feidhme mholtaí ábhartha GRECO, ECFE agus ESCE/na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, le comhordú, buiséadú, faireachán agus meastóireacht éifeachtach;

- Feabhas a chur ar neamhspleáchas, éifeachtacht sainorduithe agus acmhainneacht oibríochtúil na n-institiúidí speisialaithe frithéillithe (chun an t-éilliú a chosc agus a chur faoi chois araon), lena n-áirítear trí dhlínse Bhiúró Náisiúnta Frith-Éillithe na hÚcráine a leathnú chun gach post poiblí ardriosca a chumhdach agus trí na cumhachtaí is gá a thabhairt d’Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe Frith-Éillithe chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne Feisirí Parlaiminte gan formheas a fháil roimh ré ón Ard-Ionchúisitheoir;

PUBLIC

- Éifeachtúlacht an chreata coiscthe éillithe a neartú trí dhul chun cinn breise a dhéanamh i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú creataí dlíthiúla agus beartais a bhaineann le dearbhuithe sócmhainní, cosaint do sceithirí, coinbhleacht leasa, brústocaireacht, maoiniú páirtithe polaitiúla/feachtais toghcháin, lena n-áirítear smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach go leor i gcás sáruithe;

- Dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe i gcásanna éillithe, go háirithe ciontuithe deiridh ar ardleibhéal, agus líon agus luach foriomlán na sócmhainní urghafa, reoite agus coigistithe a mhéadú, lena n-áirítear tríd an bhforáil maidir le cásanna coiriúla a dhúnadh go huathoibríoch mar gheall ar dhul in éag teorainneacha ama imscrúdaithe réamhthrialach a bhaint den reachtaíocht agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainneacha ama atá ann faoi láthair;

- Feabhas a chur ar phríomhshruthú bhearta nithiúla chomhrac an éillithe trí mheasúnuithe riosca agus bearta sistéamacha ionracais sna hearnálacha is leochailí don éilliú.

**Cosaint na gceart bunúsach sa chleachtas neartaithe a thuilleadh ag an Úcráin. Go háirithe, comhlíonfaidh an Úcráin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- cur chun feidhme neartaithe an chreata dhlíthiúil agus beartais maidir le cearta bunúsacha agus a bhforfheidhmiú sa chleachtas, go háirithe trí acmhainneacht fheabhsaithe institiúidí neamhspleácha um chearta bunúsacha agus trí ullmhú i dtreo cearta agus saoirsí bunúsacha a athbhunú tar éis dheireadh an dlí airm;

- athchóiriú leanúnach ar phríosúin agus ar choinneáil, lena n-áirítear dálaí feabhsaithe chomh maith le bearta arna ndéanamh chun cásanna maidir le drochíde fhisiciúil a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu;

- an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le acquis an Aontais, lena n-áirítear acmhainneachtaí neartaithe an Choimisiúin Náisiúnta um Chosaint Sonraí Pearsanta;

PUBLIC

- an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse agus iolrachas na meán a fheabhsú trí neamhspleáchas agus acmhainneacht institiúideach na meán seirbhíse poiblí agus rialtóir na meán a threisiú chomh maith le coimircí cosanta d'iriseoirí;

- a áirithiú go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn i dtreo ailíniú reachtach an dlí náisiúnta le acquis an Aontais maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú, lena n-áirítear breithiúnas an 1 Meitheamh 2023 ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus maidir le fuathchoireacht agus fuathchaint, cearta daoine faoi mhíchumas, comhionannas inscne agus comhrac an fhoréigin inscnebhunaithe, cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus cearta íospartach;

- dul chun cinn a dhéanamh i dtreo córas comhtháite cosanta leanaí agus i dtreo ailíniú le acquis an Aontais maidir le cearta an linbh, agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo dí-institiúidiú leanaí lasmuigh de chúram tuismitheora agus daoine faoi mhíchumas (daoine fásta agus leanaí);

- cur chun feidhme leanúnach agus comhsheasmhach a dhéanamh — i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus leis an gcreat caibidlíochta — maidir leis na dlíthe agus na gealltanais ábhartha chun cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a chosaint, ar dlúthchuid iad de phlean gníomhaíochta athbhreithnithe na hÚcráine atá tiomnaithe do chearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a chosaint.

**<u>Caibidil 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil</u>**

**Dul chun cinn nithiúil déanta ag an Úcráin i gcomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe. Go háirithe, comhlíonfaidh an Úcráin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- í féin a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais maidir le comhrac na coireachta eagraithe, lena n-áirítear maidir le sciúradh airgid a imscrúdú agus a choiriúlú, chomh maith le sócmhainní a reo agus a choigistiú;

PUBLIC

- dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a léiriú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh i ngach réimse den choireacht thromchúiseach agus eagraithe (lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus mí-úsáid ghnéasach leanaí, cibearchoireacht, gáinneáil ar airm thine, táirgeadh agus gáinneáil drugaí, sciúradh airgid agus comhrac na sceimhlitheoireachta);

- dul chun cinn nithiúil a dhéanamh san athchóiriú cuimsitheach ar Bhiúró Imscrúdaithe an Stáit, le rannpháirtíocht fhóinteach saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta.

- cleachtas inchreidte córasach a léiriú maidir le himscrúduithe airgeadais a sheoladh agus an choireacht thromchúiseach eagraithe á gleic, sciúradh airgid san áireamh;

- dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a léiriú maidir le sócmhainní a urghabháil agus a choigistiú go críochnaitheach, agus feabhas a chur ar an gcóras aisghabhála agus bainistithe sócmhainní, lena n-áirítear trí athchóiriú na Gníomhaireachta um Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní a neartú agus a thabhairt chun cinn ina mbeidh saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe rannpháirteach go cuiditheach;

- dul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir le líonraí gáinneála ar dhaoine a dhíchóimeáil agus seilbh agus gáinneáil aindleathach ar airm thine a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear tríd an bPointe Fócais Náisiúnta maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma a oibríochtú.

- a chreat institiúideach a neartú, go háirithe trí chumhachtaí na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a shainiú ar bhealach níos soiléire, tríd an neamhspleáchas agus an t-ionracas, acmhainneachtaí oibríochtúla, anailíseacha agus TF, an comhar idirghníomhaireachta agus an oiliúint a fheabhsú i gcás na foirne forfheidhmithe.

- acmhainneacht riaracháin neartaithe chun go mbeidh sí in ann ceanglais an Aontais maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála a chomhlíonadh agus comhar éifeachtach le Eurojust, agus OIPE a áirithiú.

PUBLIC

**Feabhas curtha ag an Úcráin ar a hiarrachtaí maidir le comhar i réimse na ndrugaí. Go háirithe, comhlíonfaidh an Úcráin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Córas Náisiúnta Réamhrabhaidh atá feidhmiúil agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige a bhunú agus Faireachlann Náisiúnta um Dhrugaí a neartú agus dul chun cinn a dhéanamh maidir lena reachtaíocht a ailíniú le acquis an Aontais maidir le drugaí agus réamhtheachtaithe drugaí, chomh maith le scriosadh drugaí;

- Dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir maidir le hurghabhálacha drugaí, scriosadh agus coigistiú sócmhainní comhfhreagracha.

**Torthaí bainte amach ag an Úcráin i réimsí na himirce dleathaí agus neamhrialta, agus an tearmainn, agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le *acquis* Schengen agus le teorainneacha seachtracha agus beartas víosaí. Go háirithe, comhlíonfaidh an Úcráin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Ailíniú feabhsaithe le acquis an Aontais maidir le himirce, tearmann, beartas víosaí agus bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear ailíniú breise le modheolaíocht IBM na hEorpa;

- Chuir sí feabhas ar a hacmhainneachtaí institiúideacha, ar a sásraí comhair agus comhordúcháin i measc na n-údarás a bhfuil baint acu le bainistiú imirce, teorainneacha agus tearmainn, agus treisíodh comhrac na himirce neamhrialta agus na smuigleála imirceach;

- Feabhas a chur ar a chóras tearmainn, lena n-áirítear nósanna imeachta lena ráthaítear na cearta chun iarratas a dhéanamh ar thearmann agus chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí.

* *

PUBLIC

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na hÚcráine, agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Úcráin na tagarmharcanna eatramhacha go cothrománach, maidir leis na caibidlí faoin smacht reachta, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Úcráin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme acquis an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus gan dochar d'aon choinníollacha breise a bhunaítear sna tagarmharcanna breise a shainítear do chnuasach 1, nach bhféadfar iad sin a dhúnadh go sealadach ach amháin nuair a chomhaontóidh an tAontas gur comhlíonadh na tagarmharcanna seo a leanas:

PUBLIC

**Caibidil 5 – Soláthar poiblí**

- Déanann an Úcráin a creat dlíthiúil náisiúnta a ailíniú go hiomlán le acquis an Aontais maidir le gach réimse den soláthar poiblí, lena n-áirítear freisin maidir le lamháltais, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, agus soláthar cosanta, agus ar an gcaoi sin ionracas na ngníomhaireachtaí a áirithiú, agus comhaontuithe idirnáisiúnta lena ndíolmhaítear soláthar áirithe ó rialacha soláthair phoiblí, i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le reachtaíocht soláthair an Aontais agus le forálacha ábhartha eile de acquis an Aontais;

- Cuireann an Úcráin i bhfeidhm, ar bhealach leordhóthanach, acmhainneacht riaracháin, oibríochtúil agus institiúideach ar gach leibhéal agus déanann sí bearta iomchuí chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta náisiúnta sa réimse sin a áirithiú in am trátha roimh an aontachas. Áirítear leis sin cuntas teiste cruthaithe maidir leis an méid seo a leanas:

  - uirlisí praiticiúla cur chun feidhme agus faireacháin a ullmhú (lena n-áirítear rialacha riaracháin, treoracha, lámhleabhair, agus doiciméid chonartha chaighdeánacha);

  - sásraí rialaithe a neartú a bhfuil gá leo chun eolas agus iontaofacht iomlán an chórais a áirithiú, lena n-áirítear trí iniúchtaí luatha, dlúthfhaireachán agus trédhearcacht fheabhsaithe a áirithiú maidir le céim fhorghníomhaithe na gconarthaí poiblí bunaithe ar mheasúnuithe riosca córasacha agus tosaíocht á tabhairt do rialuithe sna hearnálacha agus sna nósanna imeachta is leochailí ó thaobh an éillithe agus na calaoise de, lena n-áirítear cosaint, fuinneamh agus atógáil;

- feidhmiú éifeachtach an chórais leigheasanna, lena n-áirítear i réimse na lamháltas, na gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus an tsoláthair cosanta;
- measúnuithe riosca feabhsaithe, ceanglais trédhearcachta costais, dícheall cuí tairgeoirí agus sásraí forfheidhmithe chun éilliú agus coinbhleacht leasa sa soláthar poiblí a chosc agus a chomhrac ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon.

- Léiríonn an Úcráin cuntas teiste láidir maidir le córas soláthar poiblí atá cothrom agus trédhearcach, lena soláthraítear úsáid éifeachtúil, éifeachtach agus tairbheach ó thaobh an gheilleagair de as acmhainní poiblí, iomaíocht agus coimircí agus gníomhaíochtaí láidre i gcoinne an éillithe.

PUBLIC

**Caibidil 18 – Staidreamh**

- Tíolacann an Úcráin príomhshonraí maicreacnamaíocha (cuntais náisiúnta agus staidreamh airgeadais an rialtais/nósanna imeachta um easnamh iomarcach) i gcomhréir le modheolaíocht Chóras Eorpach na gCuntas (CEC) atá i bhfeidhm, chomh maith le clár gaolmhar tarchuir CCE, ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi OIN agus faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus ceanglais ábhartha eile mar aon leis an tuairisc mhionsonraithe is gá ar an modheolaíocht a úsáidtear agus beidh na sonraí agus na tuairiscí a tíolacadh fíoraithe cheana ag Eurostat agus beidh ailíniú iomchuí le rialacha an Aontais dearbhaithe aige cheana a mhéid a bhaineann le tráthúlacht, iomláine, comhleanúnachas, trédhearcacht agus cruinneas;

- Glacann an Úcráin treochlár maidir leis an méid seo a leanas: (i) bearnaí atá fágtha i dtáblaí uile CCE a dhúnadh, (ii) táblaí atá fágtha ó Chlár Tarchurtha CCE a tharchur, (iii), bearnaí atá fágtha san fhaisnéis atá le soláthar in éineacht le táblaí nósanna imeachta um easnamh iomarcach a laghdú, agus (iv) saincheisteanna modheolaíochta atá fágtha a chur chun feidhme. Dearbhaíonn Eurostat ábharthacht an treochláir.

**Caibidil 32 – Rialú airgeadais**

- Glacann an Úcráin bearta iomchuí chun cur chun feidhme cuí an chreata rialála is infheidhme maidir le rialú inmheánach a áirithiú, lena n-áirítear cuntasacht bhainistíochta tharmligthe agus bainistiú riosca. Neartaítear cumas institiúideach na feidhme iniúchóireachta inmheánaí chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí na reachtaíochta náisiúnta maidir le rialú airgeadais inmheánach poiblí a áirithiú.

- Áirithítear neamhspleáchas agus sainordú polaitiúil, airgeadais agus riaracháin Dhlísheomra Cuntasaíochta na hÚcráine, i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta;

- Rinne an Úcráin a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le comhrac na calaoise agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais; Áirithíonn an Úcráin an sainordú agus an acmhainneacht oibríochtúil dá comhordú náisiúnta um chomhrac calaoise chun comhordú leordhóthanach agus éifeachtach ar ghníomhaíochtaí um chomhrac calaoise a sholáthar; Cuireann an Úcráin Straitéis Náisiúnta um Chomhrac Calaoise éifeachtúil chun feidhme chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; Tá cuntas teiste láidir ag an Úcráin maidir le comhar leis an gCoimisiún, OLAF agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) maidir le neamhrialtachtaí tuairiscithe agus cásanna imscrúdaithe a bhaineann le cistí an Aontais.

- Déanann an Úcráin a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le monaí euro a fhíordheimhniú, déanann sí 'Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na Ginéive 1929 maidir le góchumadh airgeadra a dhíchur' a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

*       *

Le linn na caibidlíochta, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha agus maidir le cur chun feidhme an *acquis* agus na gcaighdeán sin. Cuireann an tAontas i dtreis go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hÚcráine a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an acmhainneacht aici chun ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an cnuasach atá faoi chaibidil anseo agus cnuasaigh chaibidlíochta eile. Ní féidir measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hÚcráine le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí den chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach sin, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar an Úcráin faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme *acquis* an Aontais.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach sin tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua a bheith ag an Aontas idir an 3 Meitheamh 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

---



PUBLIC